2026/281

3.2.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/281 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Feabhra 2026

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1), pointe (b) agus Airteagal 232(3), pointe (b) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach bhfuil teacht isteach coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha nó críocha san Aontas a cheadú ach amháin má liostaítear na tríú tíortha nó na críocha lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha, ó chríocha, nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi 6 ráig nua den fliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Georgia, Indiana, Iowa, Montana, New Jersey, agus Pennsylvania, ráigeanna a deimhníodh idir 22 Eanáir 2026 agus an 23 Eanáir 2026 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha áirithe agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus a láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(6) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, bhunaigh údarás tréidliachta na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir sé beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun teorainn a chur le leathadh an ghalair sin.

(7) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí.

(8) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údarás tréidliachta na Stát Aontaithe, ba cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ó na limistéir lena mbaineann na ráigeanna nua sa tríú tír sin a chur ar fionraí chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, agus na dátaí a deimhníodh na ráigeanna á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis na Stáit Aontaithe sna táblaí a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(9) Ina theannta sin, tá faisnéis nuashonraithe soláthartha don Choimisiúin ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha faoi seach a mhéid a bhaineann le ráigeanna a bhí ann roimhe seo den fhliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a chur ar fionraí san Aontas, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(10) An 12 Eanáir 2026, chuir Ceanada faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta aici i ndáil le dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcúige Quebec, ráigeanna a deimhníodh an 18 Samhain 2025 agus an 12 Nollaig 2025 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(11) An 23 Eanáir 2026 agus an 26 Eanáir 2026, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis cothrom le dáta isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta aige i ndáil le ceithre ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcontaetha Norfolk agus Suffolk, i Sasana, ráigeanna a deimhníodh an 26 Deireadh Fómhair 2025 agus an 7 Samhain 2025 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(12) An 22 Eanáir 2026, chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta acu i ndáil le 24 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Arkansas, Kansas, Minnesota, New York, North Dakota, South Dakota, Tennessee, agus Utah, ráigeanna a deimhníodh idir an 29 Meán Fómhair 2025 agus an 2 Eanáir 2026 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(13) Tá Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas go bhfuil beartas díothaithe curtha chun feidhme acu, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, chun leathadh an ghalair sin a rialú agus chun teorainn a chur leis, agus go bhfuil na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe sna bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe.

(14) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe, agus na Stáit Aontaithe faoina bhráid agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná do shláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ó na criosanna atá buailte a chur ar fionraí, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna buailte de na tríú tíortha sin óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, gur cheart é a athúdarú. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe sna táblaí sin sna hIarscríbhinní sin a leasú dá réir.

(15) Agus na ráigeanna nua den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann sna Stáit Aontaithe á gcur san áireamh agus chun aon chur isteach neamhriachtanach ar thrádáil le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Feabhra 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.311:

‘**CA** Ceanada	CA-2.311	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		18.11.2025	28.1.2026’;

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.321:

‘**CA** Ceanada	CA-2.321	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		12.12.2025	26.1.2026’;

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chriosanna GB-2.399 agus GB-2.400:

‘**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.399	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		26.10.2025	25.1.2026
	GB-2.400		N, P1		29.10.2025	23.1.2026’;

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.406:

‘**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.406	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		1.11.2025	23.1.2026’;

(v) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.415:

‘**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.415	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		7.11.2025	25.1.2026’;

(vi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1061:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1061	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		26.9.2025	3.1.2026’;

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1063 agus US-2.1064:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1063	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		30.9.2025	18.1.2026
	US-2.1064		N, P1		30.9.2025	25.1.2026’;

(viii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1071 agus US-2.1077:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1071	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		7.10.2025	29.12.2025
	US-2.1072		N, P1		8.10.2025	25.1.2026
	US-2.1073		N, P1		8.10.2025	25.1.2026
	US-2.1074		N, P1		9.10.2025	29.12.2025
	US-2.1075		N, P1		9.10.2025	29.12.2025
	US-2.1076		N, P1		8.10.2025	11.1.2026
	US-2.1077		N, P1		8.10.2025	11.1.2026’;

(ix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1079:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1079	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.10.2025	12.1.2026’;

(x) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1081:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1081	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.10.2025	4.1.2026’;

(xi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1094 agus US-2.1095:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1094	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		22.10.2025	25.1.2026
	US-2.1095		N, P1		22.10.2025	17.1.2026’;

(xii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1107 agus US-2.1108:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1107	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		3.11.2025	7.1.2026
	US-2.1108		N, P1		3.11.2025	12.1.2026’;

(xiii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1153:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1153	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		19.11.2025	2.1.2026’;

(xiv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1179:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1179	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		5.12.2025	14.1.2026’;

(xv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1204:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1204	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		5.12.2025	15.1.2026’;

(xvi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1208:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1208	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		23.12.2025	29.1.2026’;

(xvii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1212:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1212	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		23.12.2025	20.1.2026’;

(xviii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1214 agus US-2.1215:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1214	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		23.12.2025	26.1.2026
	US-2.1215		N, P1		29.12.2025	26.1.2026’;

(xix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1221:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1221	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		2.1.2026	30.1.2026’;

(xx) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1241 go US-2.1246 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1240:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1241	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		22.1.2026	
	US-2.1242		N, P1		22.1.2026	
	US-2.1243		N, P1		23.1.2026	
	US-2.1244		N, P1		23.1.2026	
	US-2.1245		N, P1		23.1.2026	
	US-2.1246		N, P1		23.1.2026';	

(b) i gCuid 2, san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1241 go dtí US-2.1246 tar éis na tuairisce le haghaidh chrios US-2.1240:

'na Stáit Aontaithe	US-2.1241	State of Pennsylvania Lancaster 49 Lancaster County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 76.5809829°W 40.1685291°N)
	US-2.1242	State of New Jersey Burlington 01 Burlington County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 74.6400667°W 40.0414066°N)
	US-2.1243	State of Georgia Walker 02 Walker County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.1208834°W 34.7614528°N)
	US-2.1244	State of Indiana LaGrange 68 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5074963°W 41.7480110°N)
	US-2.1245	State of Iowa Kossuth 04 Kossuth County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.1046726°W 43.3769102°N)
	US-2.1246	State of Montana Carbon 01 Carbon County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 108.9574554°W 45.3326735°N)';

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.311:

'**CA** Ceanada	CA-2.311	POU, RAT	N, P1		18.11.2025	28.1.2026
		GBM	P1		18.11.2025	28.1.2026';

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.321:

'**CA** Ceanada	CA-2.321	POU, RAT	N, P1		12.12.2025	26.1.2026
		GBM	P1		12.12.2025	26.1.2026';

(c) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.399 agus GB-2.400:

‘**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.399	POU, RAT	N, P1		26.10.2025	25.1.2026
		GBM	P1		26.10.2025	25.1.2026
	GB-2.400	POU, RAT	N, P1		29.10.2025	23.1.2026
		GBM	P1		29.10.2025	23.1.2026’;

(d) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.406:

‘**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.406	POU, RAT	N, P1		1.11.2025	23.1.2026
		GBM	P1		1.11.2025	23.1.2026’;

(e) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.415:

‘**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.415	POU, RAT	N, P1		7.11.2025	25.1.2026
		GBM	P1		7.11.2025	25.1.2026’;

(f) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1061:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1061	POU, RAT	N, P1		26.9.2025	3.1.2026
		GBM	P1		26.9.2025	3.1.2026’;

(g) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1063 agus US-2.1064:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1063	POU, RAT	N, P1		30.9.2025	18.1.2026
		GBM	P1		30.9.2025	18.1.2026
	US-2.1064	POU, RAT	N, P1		30.9.2025	25.1.2026
		GBM	P1		30.9.2025	25.1.2026’;

(h) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1071 agus US-2.1077:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1071	POU, RAT	N, P1		7.10.2025	29.12.2025
		GBM	P1		7.10.2025	29.12.2025
	US-2.1072	POU, RAT	N, P1		8.10.2025	25.1.2026
		GBM	P1		8.10.2025	25.1.2026
	US-2.1073	POU, RAT	N, P1		8.10.2025	25.1.2026
		GBM	P1		8.10.2025	25.1.2026
	US-2.1074	POU, RAT	N, P1		9.10.2025	29.12.2025
		GBM	P1		9.10.2025	29.12.2025
	US-2.1075	POU, RAT	N, P1		9.10.2025	29.12.2025
		GBM	P1		9.10.2025	29.12.2025

	US-2.1076	POU, RAT	N, P1		8.10.2025	11.1.2026
		GBM	P1		8.10.2025	11.1.2026
	US-2.1077	POU, RAT	N, P1		8.10.2025	11.1.2026
		GBM	P1		8.10.2025	11.1.2026’;

(i) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1079:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1079	POU, RAT	N, P1		14.10.2025	12.1.2026
		GBM	P1		14.10.2025	12.1.2026’;

(j) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1081:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1081	POU, RAT	N, P1		14.10.2025	4.1.2026
		GBM	P1		14.10.2025	4.1.2026’;

(k) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1094 agus US-2.1095:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1094	POU, RAT	N, P1		22.10.2025	25.1.2026
		GBM	P1		22.10.2025	25.1.2026
	US-2.1095	POU, RAT	N, P1		22.10.2025	17.1.2026
		GBM	P1		22.10.2025	17.1.2026’;

(l) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1107 agus US-2.1108:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1107	POU, RAT	N, P1		3.11.2025	7.1.2026
		GBM	P1		3.11.2025	7.1.2026
	US-2.1108	POU, RAT	N, P1		3.11.2025	12.1.2026
		GBM	P1		3.11.2025	12.1.2026’;

(m) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1153:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1153	POU, RAT	N, P1		19.11.2025	2.1.2026
		GBM	P1		19.11.2025	2.1.2026’;

(n) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1179:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1179	POU, RAT	N, P1		5.12.2025	14.1.2026
		GBM	P1		5.12.2025	14.1.2026’;

(o) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1204:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1204	POU, RAT	N, P1		5.12.2025	15.1.2026
		GBM	P1		5.12.2025	15.1.2026’;

(p) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1208:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1208	POU, RAT	N, P1		23.12.2025	29.1.2026
		GBM	P1		23.12.2025	29.1.2026’;

(q) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1212:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1212	POU, RAT	N, P1		23.12.2025	20.1.2026
		GBM	P1		23.12.2025	20.1.2026’;

(r) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1214 agus US-2.1215:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1214	POU, RAT	N, P1		23.12.2025	26.1.2026
		GBM	P1		23.12.2025	26.1.2026
	US-2.1215	POU, RAT	N, P1		29.12.2025	26.1.2026
		GBM	P1		29.12.2025	26.1.2026’;

(s) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1221:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1221	POU, RAT	N, P1		2.1.2026	30.1.2026
		GBM	P1		2.1.2026	30.1.2026’;

(t) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1241 go US-2.1246 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1240:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1241	POU, RAT	N, P1		22.1.2026	
		GBM	P1		22.1.2026	
	US-2.1242	POU, RAT	N, P1		22.1.2026	
		GBM	P1		22.1.2026	
	US-2.1243	POU, RAT	N, P1		23.1.2026	
		GBM	P1		23.1.2026	
	US-2.1244	POU, RAT	N, P1		23.1.2026	
		GBM	P1		23.1.2026	
	US-2.1245	POU, RAT	N, P1		23.1.2026	
		GBM	P1		23.1.2026	
	US-2.1246	POU, RAT	N, P1		23.1.2026	
		GBM	P1		23.1.2026’.	